



2023/2846

21.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2846 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2023

maidir le heastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmhéastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) An tsubstaint eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl., údaraíodh í gan teorainn ama, i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Cuireadh an tsubstaint sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe ina dhiaidh sin mar tháirge a bhí ann cheana a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le heastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaitithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid an bhreiseáin seo in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid, sa tuairim uaidh an 22 Samhain 2022 ⁽³⁾, go bhfuil eastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl. sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir súl é ach in éagmais sonraí, ní féidir teacht ar aon chonclúid maidir leis an ngreannú craicinn ná súl a d'fhéadfadh sé a dhéanamh ná maidir leis an íogru deirmeach ná riospráide a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go bhfuil an tsubstaint aitheanta mar bhlastán bia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhóraigh sé freisin an tuarascáil maidir leis an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(12):7699.

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, maidir le heastóscán quebracho dheirg ó *Schinopsis balansae* Engl. nó *Schinopsis lorentzii* (Griseb.) Engl., measann an Coimisiún go gcomhlíonann sé na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú. De bharr na héifeachta a d'fhéadfadh a bheith ag an eastóscán sin mar tháirge íocshláinte agus éifeachtaí zóiteicniúla eile de a d'fhéadfadh a bheith ann, measann an Coimisiún gur cheart uasleibhéal a shocrú chun cosc a chur leis an mbreiseán sin a úsáid chun críoch eile. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substainte lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 10 Iúil 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 10 Eanáir 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 10 Eanáir 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 10 Eanáir 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 10 Eanáir 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 10 Eanáir 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe

2b2972-ex	Eastóscán quebracho dheirg	Comhdhéanamh an bhreiseáin Eastóscán Adhmaid <i>Schinopsis balansae</i> Engl. nó <i>Schinopsis lorentzii</i> (Griseb.) Engl. Foirm sholadach Tréithriú na substainte gníomhaí Eastóscán tainniní comhdhlúite ó quebracho dearg Eastóscán a fhaightear ó adhmaid <i>Schinopsis balansae</i> Engl. nó <i>Schinopsis lorentzii</i> (Griseb.) Engl. trí ghal faoi bhrú, tuilleadh scagacháin agus an tuaslagán tiubhaithe a thiúchan agus a spraethriomú mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ . Sonraíochtaí Tainniní comhdhlúite: 70-87 % Uimhir CAS: 90106-04-0 le haghaidh <i>Schinopsis lorentzii</i> (Griseb.) Engl. Uimhir FEMA: 2972	Turcaithe lena ramhrú	—	—	540	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ceadáítear an meascán d'eastóscán quebracho dheirg le breiseáin bheatha luibheolaíocha eile ar choinníoll go bhfuil na méideanna tainniní comhdhlúite sna hábhair bheatha agus sa bheatha chumaisc níos ísle ná an méid a thagann as breiseán aonair a úsáid ar an leibhéal uasta nó ar an leibhéal molta le haghaidh an speicis nó le haghaidh na catagóire ainmhithe.	10 Eanáir 2034
			Sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clois lena ramhrú	—	—	400		
			Gach speiceas éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin.	—	—	600		
			Bainbh, bainbh de chineál mionspeicis <i>Suidae</i> agus muca lena ramhrú de chineál mionspeicis <i>Suidae</i>	—	—	720		
			Muca lena ramhrú	—	—	860		
			Cránacha	—	—	1 050		
			Laonna feola (bainne púdrach)	—	—	1 680		

Modh anailíse ⁽²⁾ Chun tainníní comhdhlúite (marcóir fisiceimiceach) sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: modh meá-mhéadrach ar oibreáin ghriandathaithe trí chomhdhúile ionsúiteacha i bpúdar seithe atá crómaithe go híseal – ISO 14088	Athchogantaigh lena ramhrú seachas caoirigh agus gabhair Capaill	—	—	1 580	4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta agus cosanta craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.
	Caoirigh, gabhair	—	—	1 580	
	Ba déiríochta agus mionathchogantaigh déiríochta seachas caoirigh déiríochta agus gabhair déiríochta	—	—	1 030	
	Coiníní	—	—	630	
	Salmainidí agus mionspeiceas éisc eite	—	—	1 810	
	Éisc ornáideacha	—	—	3 000	
	Madraí	—	—	1 900	
	Éin ornáideacha			317	
	Cait	—	—	317	
	Speicis agus catagóirí ainmhithe eile	—	—	317	

⁽¹⁾ Natural sources of flavourings - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007)

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>